



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/1016 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2026

maidir le húdarú ullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, údarú ullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin, sicíní le haghaidh pórúcháin, turcaithe le haghaidh pórúcháin, mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaráithe: Adisseo France S.A.S.), agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661, (AE) 2015/2304 agus (AE) 2017/210

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú agus a athnuachan.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaráíodh ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 ar feadh tréimhse 10 mbliana mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2304 ón gCoimisiún ⁽³⁾ údaráíodh an ullmhóid sin le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus le haghaidh pórúcháin agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/210 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ údaráíodh an ullmhóid sin le haghaidh béaróg.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29. ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661 ón gCoimisiún an 28 Aibreán 2015 maidir le húdarú na hullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* sp. nov. IMI CC 378536 agus *Talaromyces versatilis* sp. nov. DSM 26702 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú, sicíní a thógtar le bheith ina mbéaróga agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga (sealbhóir an údaráithe: Adisseo France S.A.S.) (IO L 110, 29.4.2015, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/661/oj).

⁽³⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/2304 ón gCoimisiún an 10 Nollaig 2015 maidir le húdarú ullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* sp. nov. IMI CC 378536 agus *Talaromyces versatilis* sp. nov. DSM 26702 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcaithe lena ramhrú agus le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaráithe: Adisseo France S.A.S.) (IO L 326, 11.12.2015, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/2304/oj).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/210 ón gCoimisiún an 7 Feabhra 2017 maidir le húdarú na hullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* sp. nov. IMI CC 378536 agus *Talaromyces versatilis* sp. nov. DSM 26702 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh béaróg (sealbhóir an údaráithe: Adisseo France S.A.S.) (IO L 33, 8.2.2017, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/210/oj).

- (3) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach chun údarú na hullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcailte lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, iarratas ina n-iarrtar go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta'. I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, bhain an t-iarratas sin freisin le húdarú úsáide nua den ullmhóid chéanna mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin, sicíní le haghaidh pórúcháin, turcailte le haghaidh pórúcháin, mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin, agus iarradh ann go n-aicmeofaí an breiseán sin i gcatagóir na mbreiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus san fheidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta'. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 14(2) agus Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 25 Meitheamh 2025⁽⁵⁾ go bhfuil an ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 fós sábháilte don spriocspeiceas, do thomhaltóirí agus don chomhshaol, faoi na coinníollacha údaraithe úsáide atá ann faoi láthair agus ós rud é nach ndearnadh modhnú substaintiúil ar mhonarú agus comhdhéanamh an bhreiseáin. Ina theannta sin, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid, maidir le húsáid gach speicis éanlaithe clóis a leathnú, go bhfuil an breiseán sábháilte don spriocspeiceas, do thomhaltóirí agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid thairis sin nach greannaitheoir craicinn ná súl í an ullmhóid ach gur cheart a mheas gur íogróir craicinn agus riospráide féideartha í agus go meastar gur riosca é aon nochtadh trí ionanalú di. Luaigh an tÚdarás nach n-áirítear san iarratas ar athnuachan an údaraithe togra maidir le coinníollacha an údaraithe bunaidh a leasú ná a fhorlíonadh, ar togra é a mbeadh tionchar aige ar éifeachtúlacht an bhreiseáin. Dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid freisin nach gá measúnú a dhéanamh ar éifeachtúlacht an bhreiseáin i gcomhthéacs an athnuachana ar an údarú. Mheas sé freisin gur féidir na conclúidí ar thángthas orthu san údarú bunaidh a leathnú chuig speicis eile agus, dá bhrí sin, tháinig sé ar an gconclúid go bhféadfadh an breiseán a bheith éifeachtúil i ngach speiceas éanlaithe clóis ar íosléibhéal cuimsithe 1100 VU ion-1,4-béite-xiolanáis agus 760 VU ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis/kg d'ábhar beatha iomlán. Níor mheas an tÚdarás go bhfuil gá le ceanglais shonracha maidir le faireachán iarmhargaidh.
- (5) Maidir leis na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas i measúnú roimhe seo i ndáil le hiarratas eile ar údarú an bhreiseáin chéanna, conclúidí agus moltaí a d'fhógraigh an tÚdarás sa tuairim uaidh an 2 Iúil 2014⁽⁶⁾, mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí sin bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, i gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointí (a) agus (c), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún⁽⁷⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4) béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart údarú an bhreiseáin sin a athnuachan le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcailte lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga. Thairis sin, ba cheart úsáid na hullmhóide sin a údarú le haghaidh sicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin, sicíní le haghaidh pórúcháin, turcailte le haghaidh pórúcháin, mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga nó le haghaidh pórúcháin. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc. Ba cheart na bearta cosanta sin a bheith gan dochar do cheanglais eile sábháilteachta oibrithe faoi dhlí an Aontais.

⁽⁵⁾ EFSA Journal [Iris EFSA]. 2025;23:e9547. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9547>.

⁽⁶⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2014;12(7):3793, <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2014.3793>.

⁽⁷⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

- (7) Mar thoradh ar údarú na hullmhóide d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661, (AE) 2015/2304 agus (AE) 2017/210 a aisghairm.
- (8) Ós rud é nach gá na modhnuithe ar na coinníollacha údaraithe maidir leis an ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna táirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702 le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le hidirthréimhse do na páirtithe leasmhara chun iad féin a ullmhú chun na ceanglais nua a eascraíonn as athnuachan an údaraithe a chomhlíonadh.
- (9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Athnuachan an údaraithe

Maidir le húdarú na hullmhóide a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta', déantar an t-údarú sin a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin, le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga.

Airteagal 2

Údarú

An ullmhóid a shonraítear san Iarscríbhinn, ullmhóid a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin zóiteicniúla' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'feabhsaitheoirí díleáiteachta', údaráítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe le haghaidh sicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin, sicíní le haghaidh pórúcháin, turcaithe le haghaidh pórúcháin, mionspeicis éanlaithe clóis a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis le bheith ina mbéaróga agus le haghaidh pórúcháin, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

Aisghairm

Aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661, (AE) 2015/2304 agus (AE) 2017/210 ón gCoimisiún.

Airteagal 4

Bearta idirthréimhseacha

1. An breiseán beathaithe ion-1,4-béite-xiolanáis agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis arna tháirgeadh le *Talaromyces versatilis* IMI 378536 agus *Talaromyces versatilis* DSM 26702, mar a údaráítear le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2015/661, (AE) 2015/2304 agus (AE) 2017/210, agus réamh-mheascáin a bhfuil an ullmhóid sin iontu, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 28 Samhain 2026 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 28 Bealtaine 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

2. Beatha chumaisc agus ábhair bheatha ina bhfuil an breiseán beathaithe dá dtagraítear i mír 1, atá beartaithe lena n-úsáid le haghaidh sicíní lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, béaróg, turcaithe lena ramhrú agus a thógtar le haghaidh pórúcháin, agus mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú agus a thógtar le bheith ina mbéaróga, nithe a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh an 28 Bealtaine 2027 i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an 28 Bealtaine 2026, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic lena mbaineann ídithe.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2026.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaráithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir na mbreiseán zóiteicniúil. Feidhmghrúpa: feabhsaitheoirí díleáiteachta									
4a22	Adisseo France S.A.S.	Ion-1,4-béite-xiolanáis (EC 3.2.1.8) agus Ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis (EC 3.2.1.6)	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin</i> Ullmhóid d'ion-1,4-béite-xiolanáis (EC 3.2.1.8) agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis (EC 3.2.1.6) arna táirgeadh le <i>Talaromyces versatilis</i> IMI 378536 agus <i>Talaromyces versatilis</i> DSM 26702 ag a bhfuil íosghníomhaíocht: — foirm sholadach: ion-1,4-béite-xiolanáis 22 000 VU (°)/g agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis 15 200 VU/g; — foirm leachtach: gníomhaíocht ion-1,4-béite-xiolanáise 5 500 VU/ml agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis 3 800 VU/ml. <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí</i> Ion-1,4-béite-xiolanáis (EC 3.2.1.8) agus ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis (EC 3.2.1.6) arna táirgeadh le <i>Talaromyces versatilis</i> IMI 378536 agus <i>Talaromyces versatilis</i> DSM 26702.	Éanlaith chlóis	-	Ion-1,4-béite-xiolanáis 1 100 VU Ion-1,3(4)-béite-ghlúcánáis 760 VU	-	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, sonrófar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa. 2. Maidir le húsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir deireadh a chur leis na rioscaí sin nó iad a laghdú an oiread agus is féidir leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta, lena n-áirítear cosaint don análu agus don chraiceann.	an 28 Bealtaine 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin	Ainm shealbhóir an údaraith	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
						Aonaid ghníomhaíochta/kg d'ábhar beatha iomlán ina bhfuil cion taise 12 %			
			<i>Modh anailíse</i> ⁽²⁾ Maidir le gníomhaíocht ion-1,4-béite-xiolanáise a chinneadh: — modh chun slaodacht a thomhas atá bunaithe ar laghdú ar shlaodacht a tháirgtear trí ghníomhú ion-1,4-béite-xiolanáise ar an tsubstráit ina bhfuil xiolán (arabainocsalán cruithneachta). Maidir le gníomhaíocht ion-1,3(4)-béite-ghlúcanaise a chinneadh: — modh chun slaodacht a thomhas atá bunaithe ar laghdú ar shlaodacht a tháirgtear trí ghníomhú ion-1,3(4)-béite-ghlúcanaise ar an tsubstráit ina bhfuil glúcan (béite-ghlúcan eorna).						

(1) Is é 1 VU (aonad slaodachta) de ghníomhaíocht xiolanáise nó glúcanaise méid na heinsíme lena ndéantar hidrealú ar an tsubstráit (arabainocsalán cruithneachta agus béite-ghlúcan eorna, faoi seach), rud a laghdaíonn slaodacht an tuaslagáin, chun athrú 1 (aonad gan toise)/nóim ag 30 °C agus pH 5,5 ar shreabhacht choibhneasta a thabhairt.

(2) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.

⁽¹⁾ Is é 1 VU (aonad slaodachta) de ghníomhaíocht xiolanáise nó glúcanaise méid na heinsíme lena ndéantar hidrealú ar an tsubstráit (arabainocsalán cruithneachta agus béite-ghlúcan eorna, faoi seach), rud a laghdaíonn slaodacht an tuaslagáin, chun athrú 1 (aonad gan toise)/nóim ag 30 °C agus pH 5,5 ar shreabhacht choibhneasta a thabhairt.

⁽²⁾ Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.